—1981—

# Ag Déanamh Páipéir—Foinsí Inspioráide an Chadhnaigh

Alan Titley
(Cathaoirleach: Breandán Ó Buachalla)

Is é ráiteas nathanta Sheáin Uí Ríordáin, gur scríbhneoir Raibiléiseach é Máirtín Ó Cadhain, an blúire léirmheastóireachta is cruinne agus is doimhne a deineadh air go dtí seo. Tá fírinne na mílte focal cnuasaithe san aon tuiscint amháin sin. Is ionann scéal a chuid scríbhneoireachta agus daingniú na soiléirse seo ina intinn féin, agus an misneach a ghabh leis droim láimhe a thabhairt do ghnéithe calcaithe a raibh ardmheas ag an saol orthu. Is é donas ar fad an scéil, gur dócha nár aithin sé dúchas ceart a mhothála go dtí na blianta deireanacha agus nach bhfuair sé leorléas beatha chun a raibh á fhoghlaim go mórshách aige a thabhairt isteach mar ba chóir. Ba é an Raibiléiseachas scuabach scríobach scaoilte a bhranar ceart pinn; ba é an réadachas leamh sóisialta an namhad nár mhór dó a chloí.

Is duine mé de ghnáth nach n-aithníonn go bhfuil an focal *sainmhíniú* san fhoclóir agam. Ní chreidim go bhfuil a leithéid de rud ann. Nó má tá, níor chuala sainmhíniú riamh nár tugadh i bhfocail ar gá sainmhíniú a thabhairt orthu i bhfocail eile ar gá sainmhíniú eile fós a thabhairt orthu go heireaball timpeall. Is é sin le rá, tá leisce mhór orm aon mhíniú cúng a thabhairt ar Raibiléiseachas ar eagla go dteorainneodh sé a bheidh le rá agam faoi Mháirtín Ó Cadhain. An té a léann *Gargantua agus Pantagruel* tuigfidh sé gan aon dá thuairim a bheith aige faoi cad tá i gceist. Meon agus stíl ar leithligh arb iad an greann, an ghairbhe, an gháirsiúlacht, an áiféis, an áibhéil, an áilteoireacht, an ligean amach ar spórt, an fhoghlaim dulta chun póir, an mhionch© cháiréis cholainne, an gáire in aghaidh

an bháis, an pléiseam focal agus an pléaráca teanga a gcomharthaí sóirt agus a séala aitheantais. Sa chur síos sin aithnímid Máirtín Ó Cadhain *Chré na Cille*, *An tAonú Fleasc Déag*, *Smál*, *Cé Acu?…*, *An Eochair*, *Fuíoll*, *Muintir na Croise*, *Ag Déanamh Páipéir*, *Fuíoll Fuine*, is é sin Máirtín Ó Cadhain sna scéalta is fearr dá chuid. An Cadhnach eile, an duine a scríobh *An Bhearna Mhíl*, *An Taoille Tuile*, *An Strainséara*, *An Bóthar go dtí an Ghealchathair*, *Ciumhais an Chriathraigh*, *Crosaire Iarannróid*, ní dóigh liom go raibh sé dílis don bhua agus don bhraistint ba dhual dó, óir bhí sé ag scríobh de réir nóis agus foirme a bhí deoranta dá éirim—gnás an ghearrscéil chlasacaigh—agus bíodh a theist sin ar na scéalta thuas a luaigh mé mar is iad is gnáthaí, is inmhalartaithe, is dípheharsanta, is falmharánta agus is troime dá shaothar. Cuid de na scéalta tosaigh sin dá chuid, nuair a bhí sé ag cloí le nóisean den ghearrscéal a bhí á sháirsingiú air ag an léirmheastóireacht bhunaithe choimeádach, agus cuimhním go ró-áirithe ar *Tnúthán an Dúchais* nó *An Bhliain* 1912, dob fhéidir a rá ina dtaobh gurb as an aon phortach iad le scéalta Mháire; agus bíodh is nach dóigh liom go bhfágann san gur dríodar ealaíne iad, ní móide go mbeadh an Cadhnach róbhuíoch díom as é féin a lua ar aon ghualainn leis an nGriannach.

Is chuige seo atáim: Is gá teanga eile léirmheastóireachta a tharraingt chugainn agus sinn ag plé le saothar Mháirtín Uí Chadhain seachas an ceann a bhfuilimid cleachtaithe air agus arb iad *plota* agus *tógáil* agus *struchtúr* agus *foirm* agus *carachtair* a gramadach agus a grinneall bunaidh. Sníonn líne léirmheastóireachta phrós na Gaeilge ó shóisialachas réadach an naoú haois déag; umhlaíonn sé agus déanann sé comharthaí ómóis d'fhathaigh an úrscéil Shasanaigh agus Eorpaigh fan na slí; feacann sé glúin le pobal na Gaeltachta agus le saol an bhéaloidis uair um á seach; agus tógann sé altóir do T. S. Eliot ag bun an aistir. Ní heol dom aon léirmheastóir a cheistigh flaitheas agus forlámhas na foirme, tíorántacht na tógála. Tar éis an tsaoil, ní ailtire é an scríbhneoir, nó siúinéir, nó gréasaí, nó bainisteoir fhoireann peile. Ní mór dóibh siúd go léir ceann a thógaint de chruth, de chomhdhéanamh, de dheilbh. Ach níl aon chúis go measfaí scríbhneoir faoina luach toisc é a bheith ar easpa tréithe is dual do cheird eile. Is é an t-aon fhoirm amháin is gá a bheith ag scéal go mbeadh sé le fáil idir dhá chlúdach leabhair. Is riachtanach, gan amhras, go mbeadh tosach, lár agus deireadh ag gach aon scéal; ach ní gá go mbeadh siad san ord leanúnach sin. Má tá rud éigin le rá ag scríbhneoir, cumá nach n-abródh sé amach lom díreach é leis an léitheoir, in ionad dul i bhfolach laistiar de scrobarnach siombalachais, de chaolchúis nodanna, d'íomháineachas, de shamhlaoidí, de shamhluithe? Cad ina thaobh go n-imreodh sé cluiche na litríochta de réir rialacha a leag daoine eile síos?

Tuigtear domsa go raibh trealamh trom an chlasaicis agus an réadachais gona gcip agus a meanaithí go léir á sceitheadh ag Máirtín Ó Cadhain de réir mar a bhí a thuiscint ag fás ar cad ba scríbhneoireacht éiritheach ann ina chás féin. Ní foláir